Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2018
(OR. en)

15479/18
ADD 1 REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0254(COD)

CODEC 2313
SOC 782
EMPL 587
EDUC 472

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>**

Is oth leis an gCoimisiún gur chinn na comhreachtóirí imeacht ó roinnt pointí de chuid Chur Chuige Choitinn ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012, gan bonn cirt atá riachtanach a chur ar fáil.

Níl scriosadh an chlásail éagtha/athbhreithnithe i gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann. Mar sin féin, ní dhéanfaidh éagmais an chlásail éagtha sna Rialacháin Bhunaidh aon difear do cheart tionscnaimh an Choimisiúin.

Is oth leis an gCoimisiún freisin go bhfuiltear imithe ón gCur Chuige Coiteann agus gan aon tagairt sa phróiseas chun meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar an nGníomhaireacht go gcaithfear dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí den Bhord Bainistíochta, le linn na meastóireachta ar an obair a dhéantar ar ghníomhaireachtaí. Meabhraítear don Choimisiún nach mór na meastóireachtaí sin a dhéanamh ar bhealach lán-neamhspleách. Agus meastóireachtaí á ndéanamh, cuirfidh an Coimisiún a ghnáthchleachtas i bhfeidhm i dtaca le gníomhaíochtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Ach deis iomchuí a bheith aige, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar a bheidh ag an imeacht ón gCur Chuige Coiteann ar fheidhmiú na ngníomhaireachtaí trípháirteacha. Níor cheart féachaint orthu mar fhasach do ghníomhaireachtaí eile.

Ar deireadh, is oth leis an gCoimisiún gur tugadh isteach an athuair feidhmíocht an Leas-Stiúrthóra sa Rialachán lenar bunaíodh Eurofound. Ba mhaith leis an gCoimisiún a mheabhrú go bhfuil, i ngeall ar mhéid na Gníomhaireachta seo, an fhoráil sin díréireach.

Ina theannta sin, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur i bhfios go láidir gur faoin Stiúrthóir a bheidh sé an cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha gach Gníomhaireachta agus faoi Cedefop sainiú a dhéanamh ar pé socruithe is gá maidir le hionadú a dhéanamh chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú.

**<u>Ráiteas ón Iodáil maidir leis na tograí le hathbhreithniú a dhéanamh ar thrí rialachán bhunaidh na ngníomhaireachtaí díláraithe seo: Eurofound, Cedefop agus EU-OSHA</u>**

Bhí an Iodáil ar cheann de na toscaireachtaí ba ghníomhaí le linn na caibidlíochta sa Chomhairle i dtaca leis na trí chomhad agus chuidigh sí le baint amach an Chur Chuige Choitinn i mí na Nollag 2016.

Bhí rannpháirt dhearfach ag an Iodáil sna cruinnithe trí-thaobhacha; bhí sí solúbtha i dtaca leis an méid a bhí á iarraidh ag Parlaimint na hEorpa agus chloígh sí le meon an Chur Chuige Choitinn sa Chomhairle.

I bhfianaise Chur Chuige Coiteann na bliana 2012 agus an ghné thrí-thaobhach atá ag na trí ghníomhaíocht atá i gceist, d'fhéachamar le hiad a choinneáil chomh haonchineálach agus ab fhéidir ó thaobh rialachais agus rialacha.

Níl ceapachán Leas-Stiúrthóra ar Eurofound agus ar Cedefop, ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin – ar bhonn éigeantach agus ar bhonn deonach faoi seach – ag teacht le ról straitéiseach an Bhoird Bainistíochta, arb é an tÚdarás Ceapacháin é sna trí ghníomhaireacht.

Ar an ábhar sin, cé nach bhfuilimid ag cur i gcoinne an chomhaontaithe, is mian linn a rá gur oth linn go mór go bhfuil an scéal mar atá.